


Droichead: An Chreatlach Ionduchtaithe Ghairmiúil Chomhtháite

Márta 2017



An Chomhairle
Mhúinteoireachta

The Teaching Council



List of acronyms

MNC	Múinteoir Nuacháilithe
CNIM	An Clár Náisiúnta Ionductúcháin do Mhúinteoirí
IAOanna	Institiúid Ardoideachais
FTG	Foireann Tacaíochta Gairmiúla

Droichead: An Chreatlach Ionduchtaithe Ghairmiúil Chomhtháite

1.1 Na nósanna imeachta agus na critéir le haghaidh Droichead (bunscoil agus iarbhunscoil)

Réamhrá

Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm áit a bhfuil múinteoir nuacháilithe fostaithe ar feadh tréimhse ama leordhóthanaí i scoil atá ag glacadh páirte i gcreatlach ionduchtaithe ghairmiúil agus chomhtháite de chuid Droichead (ar a dtugtar Droichead ina dhiaidh seo).

1.1.1 Próiseas Droichead

- 1.1.1.1 Is é is próiseas Droichead creatlach ionduchtaithe ghairmiúil agus chomhtháite do mhúinteoirí nuacháilithe. Aithnítear ann éifeachtacht na gclár athchoincheaptha d'oideachas tosaigh múinteoirí agus go háirithe an socrúchán scoile breisithe, agus na múinteoirí faoi oiliúint á n-ullmhú go gairmiúil. Déantar an chéim sin a fhorbairt, agus tógtar mar an pointe tosaigh na réimsí d'fhoghlaim bhreise atá aitheanta ag an MNC i gcomhar leis an Institiúid Ardoideachais mar chuid de thaithí an tsocrúcháin scoile. Ag an am céanna, aithnítear ann gur céim ar leith é an t-ionduchtú den leanúntas oideachas múinteoirí, próiseas imeasctha isteach sa ghairm mhúinteoireachta. Sa chreatlach chomhtháite seo tá gníomhaíochtaí foghlama scoilbhunaithe agus gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise chun freastal ar riachtanais na múinteoirí nuair a thosaíonn siad amach ina ngairmeacha beatha.
- 1.1.1.2 Príomhchuspóir de phróiseas Droichead ná chun tacú le foghlaim ghairmiúil na múinteoirí nuacháilithe le linn na tréimhse ionduchtaithe, ina leagtar an bunús den fhás agus foghlaim ghairmiúil ina dhiaidh sin dá réir don chéad chéim eile dá ngairm bheatha.
- 1.1.1.3 I ndiaidh phróiseas Droichead, tugann an MNC dearbhú go bhfuil sé nó sí réidh le bogadh ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile ar an leanúntas oideachas múinteoirí. Tugann an múinteoir agus na comhghleacaithe a bhfuil taithí acu comhdhearbhú, tar éis cómhachnamh a dhéanamh, gur ghlac sé nó sí páirt i bpróiseas cáilíochta teagaisc agus foghlama trí bheith rannpháirteach in Droichead. Ansin, baineann an Chomhairle Mhúinteoireachta coinníoll Droichead de chlárú an mhúinteora. Beidh an múinteoir cláraithe go hiomlán ag an gComhairle nuair a mheasann an Chomhairle Mhúinteoireachta gur comhlíonadh na coinníollacha clárúcháin uile (e.g., Riachtanas na Gaeilge, coinníollacha easnaimh cáilíochtaí).
- 1.1.1.4 Nuair atá MNC fostaithe i scoil atá rannpháirteach i suíomh incháilithe (féach 1.1.2) agus ar feadh na hiostréimhse den chleachtadh gairmiúil (féach 1.1.3), cláraíonn siad do phróiseas Droichead le hIonad Oideachais Luimnigh ag baint úsáide as an bhfoirm DR1 (tagairt déanta dó i gCuid 1.1.3). Eisíonn Ionad Oideachais Luimnigh deimhniú ar ríomhphost chuig an MNC ag dearbhú go bhfuil sé nó sí cláraithe le haghaidh phróiseas Droichead. Ba chóir an taifead seo a choimeád, le cur isteach in éineacht le Foirm D chomhlánaithe.
- 1.1.1.5 Tá dhá phríomhshnáithe de phróiseas Droichead ann mar chreatlach ionduchtaithe chomhtháite do mhúinteoirí nuacháilithe. An chéad snáithe ná snáithe ionduchtaithe scoilbhunaithe (Snáithe A), ina bhfaigheann an MNC tacaíocht ó chomhghleacaithe a bhfuil taithí acu. An dara snáithe ná snáithe atá déanta suas de ghníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise (Snáithe B), ina bhfreastalaítear ar chruinnithe cuasaigh MNC in ionaid oideachais áitiúla, agus ar ghníomhaíocht foghlama ghairmiúil amháin eile, a bhaineann le riachtanais an MNC. Is é a bheadh i gceist le gnáthghníomhaíochtaí foghlama, mar shampla, a bheith rannpháirteach i gceardlann, cruinniú de Líonra Gairmiúil Múinteoirí /cumann ábhair, gníomhaíocht foghlama ar líne/chumaisc, a bheith i láthair ag comhdháil, Féilte, etc. (Féach 1.1.5)

1.1.2 Suíomhanna inar féidir Droichead a dhéanamh

1.1.2.1 Bunscoil

De ghnáth tabharfaidh múinteoir bunscoile faoi phróiseas Droichead nuair atá sé nó sí fostaithe mar mhúinteoir ranga príomhshrutha. Go hiondúil, má bhíonn an múinteoir fostaithe agus ag fáil íocaíochta i suíomh buan, sealadach nó mar ionadaí tá sé nó sí incháilithe, áit a bhfuil an múinteoir ag teagasc gach réimse den Churaclam Bunscoile, an Ghaeilge san áireamh, do rang príomhshrutha de dhaltaí (ag grád amháin nó ilghráid) don lá scoile iomlán, agus áit a mbeidh an deis ag an múinteoir de bharr a t(h)réimhse ama sa scoil na híosriachtanais ama mar atá leagtha amach in 1.1.3.2 thíos a chomhlíonadh.

Lasmuigh de chásanna faoi leith, ba chóir do scoileanna múinteoirí nuacháilithe a fhóstu i suíomh príomhshrutha. I gcásanna áirithe, áit arb é nó í an múinteoirí is oiriúnaí chun tacú le riachtanais na ndaltaí, d'fhéadfadh múinteoir nuacháilithe próiseas Droichead a thabhairt chun críche i gceann amháin de na ról seo a leanas:

- múinteoir ranga speisialta i scoil príomhshrutha
- múinteoir i scoil speisialta
- múinteoir acmhainne lánaimseartha de dhaltaí a bhfuil míchumais íosmhiniúchá acu (mar atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna)
- múinteoir tacaíochta foghlama lánaimseartha
- ról ina bhfuil c) agus d) araon thuas i gceist (post teagasc Tacaíochta Foghlama/Acmhainne).

Sna cásanna thuas, ní mór go mbeadh an cohórt céanna de dhaltaí (ach amháin má bhíonn neamhláithreach eisceachtúil i gceist) á theagasc ag an múinteoir ar feadh na tréimhse fostaíochta. Mar chuid de phróiseas Droichead, ba chóir go ndéanadh an scoil gach iarracht lena chinntiú go bhfuil na deiseanna ann don mhúinteoir nuacháilithe le teagasc a dhéanamh i suíomh príomhshrutha, ina mbeadh teagasc agus foghlaim na Gaeilge i rang príomhshrutha i gceist, i gcomhar leis an múinteoir ranga.

1.1.2.2 Iarbhunscoil

De ghnáth tabharfaidh múinteoir iarbhunscoile faoi phróiseas Droichead nuair atá sé nó sí fostaithe in iarbhunscoil aitheanta. Go hiondúil, má bhíonn an múinteoir fostaithe agus ag fáil íocaíochta i suíomh buan, sealadach nó mar ionadaí tá sé nó sí incháilithe, chomh fada agus a bheidh an deis ag an múinteoir ina leithéid fostaíochta leis na híosriachtanais ama mar atá leagtha amach in 1.1.3.3 thíos, a chomhlíonadh.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh múinteoir iarbhunscoile próiseas Droichead a thabhairt chun críche má bhíonn sé nó sí fostaithe i gceann amháin de na ról seo a leanas:

- scoil speisialta ina bhfuil cuid áirithe de na daltaí atá ag freastal ar an scoil ag aois iarbhunscoile, agus má bhíonn ábha(i)r c(h)uraclaim iarbhunscoile á theagasc nó á dteagasc ag an múinteoir dá leithéid daltaí, nó
- Ionad Oideachais ina bhfuil ábha(i)r c(h)uraclaim á theagasc nó á dteagasc.

Ba chóir a thabhairt faoi deara áit a bhfuil MNCanna fostaithe sna suíomhanna thuas trí sheirbhís dheonach (neamhíochta) nó scéimeanna intéirneachta ar nós JobBridge, agus a leithéid de scéimeanna den chineál céanna a d'fhéadfadh tosú amach anseo, ní mheasann an Chomhairle Mhúinteoireachta go bhfuil siad seo inghlactha mar shuíomh oiriúnach do Droichead.

1.1.3 Tréimhse ama riachtanach den chleachtadh gairmiúil

1.1.3.1 San áireamh sa chleachtadh gairmiúil tá (i) socrúchán scoile (10 seachtaine) le linn oideachais tosaigh múinteoirí agus (ii) cleachtadh iarcháilíochta. Rinneadh próiseas Droichead 2016/2017 a chomhlíonann an riachtanas um chleachtadh gairmiúil iarcháilíochta, a mhionathrú leis an socrúchán scoile breisithe le linn oideachais tosaigh múinteoirí a chur san áireamh.

1.1.3.2 Ní mór do mhúinteoir bunscoile bloc de 60 lá scoile as a chéile a chur i gcrích i suíomh incháilithe ón dáta inar ceapadh iad ar dtús chuig post atá aitheanta chun críche Droichead i mbunscoil. Ní mór don mhúinteoir clárú do phróiseas Droichead le hIonad Oideachais Luimnigh, ag baint úsáide as an bhfoirm DR1.

- 1.1.3.3 Ní mór do mhúinteoir iarbhunscoile 200 uair an chloig d'fhostaíocht mhúinteoireachta a chur i gcrích i suíomh incháilithe ina múintear ábha(i)r c(h)uraclaim iarbhunscoile do rang ar leith ar amchlár na scoile, nó ina bhfuil sé nó sí fostaithe mar mhúinteoir tacaíochta foghlama, riachtanas speisialta nó tacaíochta teanga. Ní mór don mhúinteoir clárú do phróiseas Droichead le hIonad Oideachais Luimnigh, ag baint úsáide as an bhfoirm DR1.
- 1.1.3.4 Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb iad seo na tréimhsí is íosta ar fad de na tréimhsí cleachtaidh. Ós rud é gur dearadh Droichead mar chreatlach ionduchtaithe leis an méid is mó tacaíochta, treorach agus comhairle a chur ar fáil, moltar, áit a bhfuil am breise ag MNC anuas ar na híosriachtanais mar atá leagtha amach in 1.1.3.2. agus 1.1.3.3. thuas, bainfear úsáid as an am breise sin chun tacú le próiseas Droichead.

1.1.4 Snáithe scoilbhunaithe

- 1.1.4.1 Is é atá i gceist le Droichead go bunúsach ná aistear gairmiúil an MNC agus próiseas a (h)ionduchtaithe. Príomhghné den phróiseas seo ná rannpháirtíocht MNC le comhghleacaithe a bhfuil níos mó taithí acu, agus machnamh ar na comhráite gairmiúla a tharlaíonn ina f(h)oghlaím ghairmiúil agus cleachtadh gairmiúil. Tá bealaí éagsúla ann inar féidir FTG a bhunú. Sna scoileanna atá níos mó, ina bhfuil a lán MNCanna, d'fhéadfadh foirne éagsúla feidhmiú i dteannta a chéile. I scoileanna níos lú, b'fhéidir gur leor foireann ar a bhfuil beirt nó tríúr de mhúinteoirí. I scoileanna atá an-bheag, nó i gcásanna nach bhfuil scoil sa suíomh le FTG a bhunú ó laistigh den fhoireann amháin, tá samhail sheachtrach ar fáil. Tá tuilleadh treorach ar fáil ón CNIM.
- 1.1.4.2 Is próiseas comhoibríoch i gcónaí é an tacaíocht a thugtar do mhúinteoir nuacháilithe le linn Droichead, cé go bhféadfadh éagsúlacht a bheith i gceist le róil agus freagrachtaí na mball de chuid FTG i gcomhthéacsanna scoile difriúla, agus dá bhrí sin aontaítear iad sula gcuirtear tús le próiseas Droichead.
- 1.1.4.3 Tugann an FTG forbairt ghairmiúil Droichead atá curtha ar fáil ag an CNIM, chun críche, agus faigheann sí cuidiú ina cuid oibre trí thacaíochtaí agus acmhainní a bheith curtha ar fáil, trí na nithe seo a leanas:
- Oilíúint tosaigh de chuid an CNIM do gach ball den FTG.
 - Am scaoilte agus clúdach le haghaidh ionadaí chun ligean do gach ball den FTG freastal ar chúrsaí oiliúna.
 - Am scaoilte chun tacú leis na gnéithe scoilbhunaithe de chuid Droichead.
 - Tacaíocht teileafóin agus ríomhphoist ón CNIM, trína líonra de chomhpháirtithe agus a fhoireann bhuan.
 - Treoir meantóireachta chuimsitheach, ina bhfuil raon de shamplaí de theimpléid.
- 1.1.4.4 Le linn thréimhse phróiseas Droichead, bíonn idirghníomaíochtaí éagsúla ag MNC le comhghleacaithe a bhfuil taithí acu atá ag tacú leis an bpróiseas. Tugtar comhráite gairmiúla orthu seo. Leis na comhráite seo cuirtear deiseanna ar fáil le haiseolas neamhfhoirmiúil a mhalartú ar bhonn duine le duine, agus saincheisteanna a phlé a thagann chun cinn le linn thréimhse ama fhoghlaím ghairmiúil agus chleachtadh gairmiúil an MNC agus cuirtear treoir ar fáil. Nó, d'fhéadfadh cruinniú eagraithe idir an MNC agus ball amháin nó níos mó den FTG a bheith i gceist le comhrá gairmiúil.
- 1.1.4.5 Is próiseas tábhachtach é an fhoghlaím phunannbhunaithe chun tacú leis an MNC sna comhráite gairmiúla seo. Baineann an Chomhairle úsáid as an téarma Taisce i nGaeilge chun tagairt a dhéanamh don phróiseas foghlama punannbhunaithe seo. Má bhíonn an múinteoir nuacháilithe rannpháirteach sa phróiseas foghlama punannbhunaithe tá sé nó sí in ann machnamh a dhéanamh ar a f(h)oghlaím ghairmiúil ar bhealach atá oiriúnach dó nó di, agus réimsí a aithint ina mbeadh tacaíocht nó treoir bhreise de dhíth air nó uirthi agus pleanáil a dhéanamh dóibh. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an bpróiseas seo ar fáil ó ríomhleabhar Droichead ar leathanaigh Droichead de chuid shuíomh gréasáin na Comhairle. Tá treoir phraiticiúil faoin bpróiseas seo ar fáil do na MNCanna agus don FTG ón CNIM.
- 1.1.4.6 Príomhghné de Droichead freisin is ea na breathnóireachtaí. Is é atá i gceist leis seo freisin na breathnóireachtaí a dhéanann an MNC ar chleachtadh múinteoirí a bhfuil níos mó taithí acu, chomh maith le breathnóireacht chleachtadh an MNC a dhéanann an FTG. Eagraítear an dá chineál breathnóireachtaí roimh ré, agus cuirtear deiseanna ar fáil do na MNCanna foghlaim a dhéanamh óna gcomhghairmithe. Ba chóir do na breathnóireachtaí a dhéanann an FTG ar chleachtadh an MNC díriú ar réimsí ina mothaíonn an MNC go bhfuil comhairle, cuidiú agus tacaíocht ar leith de dhíth air nó uirthi. Dá bhrí sin, ba chóir an MNC a spreagadh le teagasc a dhéanamh i réimse ina bhfuil an riachtanas foghlama is mó de dhíth air nó uirthi. Leis seo is féidir an bunús a chur ar fáil don chomhrá gairmiúil ina dhiaidh sin. Moltar, mar sin, go mbeadh dhá cheann de gach cineál breathnóireachta sa seomra ranga (breathnóireachtaí a dhéanann an MNC, agus breathnóireachtaí ar chleachtadh an MNC), agus ba chóir go mbeadh an líon beacht, agus na ranganna ar breathnaíodh orthu, a bheith bunaithe ar an bplé idir an MNC agus an FTG .

- 1.1.4.7 Is é mana an CNIM “má lorgaíonn tú cuidiú is comhartha misnigh é seo.” Chuige sin, spreagtar an MNC agus an FTG le gach deis a thapú chun na saincheistanna agus dúshláin a phlé de réir mar a thagann siad chun cinn. Cuireann na FTGanna raon tacaíochtaí ar fáil a chuireann an MNC ar a c(h)umas tabhairt faoi na dúshláin sin agus foghlaim uathu. Tá tacaíocht, comhairle agus treoir bhreise ar fáil ón CNIM trína sheirbhís tacaíochta scoile, agus b’fhiú roinnt ama bhreise a chur ar fáil chun é seo a éascú. A chuimsithí is atá an tacaíocht a chuirtear ar fáil agus a mhéad is a bhíonn iad siúd atá i gceist rannpháirteach go hoscailte ann, is ea is fearr é don MNC.

1.1.5 Gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise

- 1.1.5.1 I gcomhréir leis an snáithe ionduchtaithe scoilbhunaithe mar atá leagtha amach thuas, glacann na MNCanna páirt i ngníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise freisin mar chuid de phróiseas Droichead, mar seo a leanas.

Cruinnithe Cnuasaigh MNC agus Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla eile

Bíonn cruinniú cnuasaigh amháin in aghaidh an téarma ag na MNCanna, in ionad oideachais áitiúil. Is é an CNIM a éascaíonn na cruinnithe leis an ngrúpa MNCanna. Déantar an clár oibre a fhorbairt i gcomhairle leis na MNCanna, agus d’fhéadfadh príomhghnéithe de Droichead a bheith i gceist ar nós an próiseas breathnóireachta, comhráite gairmiúla, Taisce, etc.

Gníomhaíocht foghlama ghairmiúil eile

Ba chóir do na MNCanna a bheith rannpháirteach freisin i ngníomhaíocht foghlama ghairmiúil amháin eile, a aithníonn siad iad féin i gcomhréir lena riachtanais foghlama gairmiúla, i gcomhairle leis an FTG. Is é a d’fhéadfadh a bheith i gceist le gnáthghníomhaíochtaí foghlama, mar shampla, rannpháirtíocht i gceardlann, cruinniú de Líonraí Gairmiúla Múinteoirí (cumann ábhair), gníomhaíocht foghlama ar líne/chumaisc, a bheith i láthair ag comhdháile, Féilte, etc.

1.1.6 Caighdeáin chun treoir agus tacaíocht a thabhairt do phróiseas Droichead

- 1.1.6.1 Tá caighdeáin bunaithe ag an gComhairle chun tacú le próiseas Droichead, chun an MNC a threorú, in éineacht leis an FTG, maidir lena f(h)oghlaim ghairmiúil agus cleachtadh gairmiúil. Tá siad seo leagtha amach in Aguisín 2. Déantar iniúchadh breise ar chaighdeáin Droichead agus ar shamplaí de chomhthéacsanna scoile mar chuid den fhorbairt ghairmiúil don FTG, a dhéanann an CNIM a éascú.

1.1.7 Taifid de phróiseas Droichead á gcoinneáil

- 1.1.7.1 Cruthaíonn an FTG breac-chuntas de phlean Droichead, i gcomhairle leis an MNC. Go hidéalach tabharfaidh an MNC faoi phróiseas Droichead ar feadh tréimhse ama níos faide ná an íostréimhse atá leagtha amach, nuair a ligtear dóibh ina t(h)réimhse fostaíochta. Cuirfidh an CNIM teimpléid ar fáil do bhreac-chuntas de phlean Droichead agus don phróiseas breathnóireachta, chomh maith le treoir maidir lena leithéid teimpléad a úsáid. Chun próiseas um dhearbhu cáilíochta na Comhairle a éascú, iarrtar ar scoileanna na taifid a chruthaíonn siad chun tacú le próiseas Droichead a choimeád i gcomhréir lena bpolasaí um chosaint sonraí.
- 1.1.7.2 Agus na taifid á gcoimeád, ba chóir go mbeadh meas ag an FTG ar phríobháideachas daoine eile agus ar rúndacht an eolais a bailíodh le chéile le linn thréimhse ama an phróisis. Ba chóir dóibh a bheith ar an eolas faoi ábhair eiticíúla agus cosanta sonraí freisin, agus sonraí a dhéanamh anaithnid más gá agus tabhairt faoi aon bheart riachtanach is gá a dhéanamh le srian a chur ar an rochtain ar eolas íogair.
- 1.1.7.3 Áit a bhfágann MNC a chuir roinnt de phróiseas Droichead nó próiseas Droichead ar fad i gcrích, ba chóir cóip de na taifid chuí atá ag an scoil maidir leis an bpróiseas sin a thabhairt dóibh.

1.1.8 Próiseas Droichead á thabhairt chun críche

- 1.1.8.1 Nuair atá MNC beagnach ag deireadh phróiseas Droichead, de réir mar a comhaontaíodh an tréimhse ama tháscach ag tús an phróisis, bíonn comhrá ar siúl idir an MNC agus an FTG. Is é a bheith i gceist leis an gcomhrá seo freisin réimsí á n-aithint ag an MNC maidir le foghlaim ghairmiúil bhreise (le bheith san áireamh ar Fhoirm).
- 1.1.8.2 Nuair a chuireann an MNC agus an FTG próiseas Droichead (ionduchtú scoilbhunaithe agus gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise) i gcrích déanann siad Foirm D a chomhlánú (Féach Aguisín 2). Is é freagracht an MNC é seo a chur isteach in éineacht le cóip den ríomhphost ó Ionad Oideachais Luimnigh ina ndeimhnítear gur chláraigh siad do phróiseas Droichead.

1.1.8.3 Nuair a dhéantar Foirm D a chomhlánú agus a chur isteach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta, bainfidh an Chomhairle coinníoll Droichead de chlárú an mhúinteora agus eiseofar deimhniú athbhreithnithe nó litir chlárúcháin. Ní mór gach coinníoll a chomhlíonadh, le go mbeidh an múinteoir cláraithe go hiomlán.

1.1.9 An leanúnachas agus an dearbhú cáilíochta

1.1.9.1 Tá líon meicníochtaí i bhfeidhm le cáilíocht agus leanúnachas phróiseas Droichead a chinntiú go náisiúnta.

- a) Cuireann an CNIM tacaíocht ar fáil do scoileanna ag tairiscint Droichead a fhostaíonn MNC.
- b) Bunaíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta painéil um Dhearbhú Cáilíochta Droichead (DCD), atá déanta suas de chathaoirleach neamhspleách, múinteoir ón earnáil chuí atá ag cleachtadh agus duine a bhfuil saineolas aige nó aici i dtacaíocht agus/nó i meastóireacht an teagaisc agus na foghlama ag leibhéal na scoile. Tugann an painéal DCD cuairt ar shampla randamach de scoileanna ina raibh próiseas Droichead ar siúl agus pléitear an próiseas leis an FTG agus an MNC. Eagraítear a leithéid cuairteanna roimh ré agus bíonn siad ar siúl in atmaisféar comhghleacaíochta agus comhoibríoch. Tar éis an athbhreithnithe, cuireann painéal an DCD tuairisc anaithnid isteach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta ina leagtar amach na torthaí agus na moltaí maidir leis an bpróiseas. Déanann an Chomhairle an tuairisc a mheas agus, tar éis é a dhaingniú, foilsítear é ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus scaiptear é ar an CNIM agus ar an gCigireacht.
- c) Mar cheannaire foghlama sa scoil, cé nach gá go mbeadh sé nó sí bainteach le próiseas Droichead, cothaíonn an príomhoide cultúr foghlama inar féidir le Droichead dul chun cinn a dhéanamh, agus tacaíonn sé nó sí leis an FTG trí phróiseas ionduchtaithe cáilíochta a éascú.
- d) Forbairt ghairmiúil, lena n-áirítear cruinnithe cnuasaigh, do bhaill den FTG, ina bhfuil plé i gceist maidir le caighdeáin agus táscairí an dea-chleachtais a thugann treoir agus tacaíocht do phróiseas Droichead.
- e) Tá próiseas athbhreithnithe i bhfeidhm inar mian le MNCanna nó FTG ábhair inní a ardú maidir le gnéithe de phróiseas Droichead. Is é atá i gceist leis an bpróiseas seo céim neamhfhoirmiúil, ag leibhéal na scoile, agus céim níos foirmiúla ag leibhéal an CNIM. Chomh maith leis sin, táthar in ann saincheisteanna nach bhfuil réitithe a ardú sa Chomhairle Mhúinteoireachta, trína painéil um Dhearbhú Cáilíochta de chuid Droichead.

1.1.10 Treoir bhreise

Rachaidh an Chomhairle i dteagmháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus a gníomhaireachtaí maidir le Droichead a chur i bhfeidhm, agus lena leanúnachas a chinntiú leis na polasaithe ar an iomlán mar a bheadh socraithe ag an Aire ó am go ham. Is é a bheidh i gceist leis seo forbairt a dhéanamh ar an treoir don aistriú chuig polasaí nua Droichead.

Aguisín 1

Caighdeáin Droichead

Tá na caighdeáin seo a leanas leagtha amach ag an gComhairle chun tacú le próiseas Droichead, leis an MNC a threorú, in éineacht leis an FTG, maidir lena f(h)oghlaim ghairmiúil agus cleachtadh gairmiúil. Déantar iniúchadh breise ar tháscairí den dea-chleachtas i gcomhthéacsanna éagsúla mar chuid den fhorbairt ghairmiúil don FTG, atá éascaithe ag an CNIM. Tríd an rannpháirtíocht a bhíonn aige nó aici i bpróiseas Droichead, beidh na nithe seo a leanas déanta ag an MNC:

1. rannpháirteach go gairmiúil san ionduchtú scoilbhunaithe agus i ngníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise
2. tiomantas gairmiúil léirithe aige nó aici don teagasc agus foghlaim dá c(h)uid daltaí/mac léinn
3. rannpháirteach sa chleachtadh machnamhach a thacaíonn lena f(h)oghlaim ghairmiúil agus cleachtadh gairmiúil ina (h)aonair agus i gcomhar le daoine eile.

Aguisín 2

Form D - Primary and Post Primary

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campus Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0, Éire

Íosghlao 1890 224 224

Teileafón +353 1 651 7900

Facs +353 1 651 7901

R-phost info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle
Mhúinteoireachta
The Teaching Council

